Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10440/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0203(NLE)**

**AVIATION 125**
**ICAO 26**
**RELEX 838**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 312 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 226ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 312 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 312 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2022
COM(2022) 312 final

2022/0203 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 226ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir leis na difríochtaí atá le cur in iúl do ICAO maidir le Leasú 48 ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a ghlacfaidh Comhairle ICAO ag a 226ú seisiún.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. An 4 Aibreán 1947 a tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm, agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.

Tá na Ballstáit go léir ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Tá sé d'aidhm agus de chuspóir ag an Eagraíocht prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid ICAO í Comhairle ICAO, comhlacht a bhfuil 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí ann, agus is é Comhthionól ICAO a thoghann na Stáit chonarthacha sin ar feadh tréimhse trí bliana. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh ar Chomhairle ICAO le haghaidh na tréimhse 2019-2022.

I measc na bhfeidhmeanna éigeantacha atá ar Chomhairle ICAO, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá glacadh na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtas molta (SARPanna), dhá rud a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

Maidir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de thrí mhí tar éis í a thíolacadh do Stáit chonarthacha ICAO, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle ICAO, mura rud é go gcláraíonn tromlach Stát conarthach ICAO a míshástacht idir an dá linn.

Tar éis ghlacadh na mbeart sin, ní mór do Stáit ICAO fógra míshástachta a thabhairt, sin nó fógra faoi aon difríocht a bheidh ann, nó fógra maidir leis an gcomhlíonadh a dhéanfaidh siad ar na bearta sula dtagann siad i bhfeidhm agus sula mbíonn siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát a leithéid de chaighdeán nó de nós imeachta idirnáisiúnta a chomhlíonadh ar gach bealach, sin nó más dofheidhmithe dó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur ar comhréir iomlán maidir lena leithéid de chaighdeán nó de nósanna imeachta idirnáisiúnta, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá difriúil ar dhóigh ar bith leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, tabharfaidh an Stát sin fógra láithreach don Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna bhunú leis an gcaighdeán idirnáisiúnta.

## 2.3. Gníomhartha na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta atáthar a bheartú agus an gaol atá acu le rialacha an Aontais atá ann cheana

Le linn an 226ú seisiún dá cuid, táthar ag súil go nglacfaidh Comhairle ICAO Leasú 48 ar Chuid I d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago maidir le modhanna chun suíomh eitleáin atá i nguais a aimsiú.

### *2.3.1. Caighdeáin i raon feidhme Leasú 48 a ghabhann le ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I*

Ceanglaítear le Caighdeán 6.18.1 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I go ndéanfaidh gach eitleán a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh níos mó ná 27 000 kg aige agus ar eisíodh a dheimhniú aeracmhainneachta aonair den chéad uair an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin, go ndéanfaidh gach eitleán den sórt sin faisnéis a tharchur go neamhspleách ónar féidir leis an oibreoir suíomh an eitleáin a dhéanamh amach uair in aghaidh an nóiméid ar a laghad, nuair a bhíonn sé i nguais.

Is é is cuspóir do chaighdeán 6.18.1, mar atá sonraithe in ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I, Foscríbhinn 9, suíomh láithreach tionóisce a dheimhniú laistigh de gha 6 NM.

Rinneadh Caighdeán 6.18.1 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I a thrasuí[1] i bpointe CAT.GEN.MPA.210 d'Iarscríbhinn IV (Cuid-CAT) a ghabhann le Rialachán (AE) 965/2012 ón gCoimisiún[2] ('rialacha AE maidir le hoibríochtaí aeir'), lena gceanglaítear an méid seo a leanas:

'*Déanfar na heitleáin seo a leanas a fheistiú le modhanna daingne agus uathoibríocha chun suíomh an phointe deiridh eitilte a dheimhniú go cruinn i ndiaidh tionóisce ina ndéantar damáiste tromchúiseach don eitleán*:

(1) gach eitleán ag a bhfuil MCTOM níos mó ná 27 000 kg, ag a bhfuil MOPSC níos mó ná 19 agus ar eisíodh a CofA aonair[3] den chéad uair an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin; agus

(2) gach eitleán ag a bhfuil MCTOM níos mó ná 45 500 kg agus ar eisíodh a CofA aonair den chéad uair an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin;'

### *2.3.2. Athruithe a thugtar isteach le dréacht-Leasú 48 ar ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I*

Le dréacht-Leasú 48 ar ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I, cuirtear dáta infheidhmeachta chaighdeán 6.18.1 siar go dtí an 1 Eanáir 2025 (in ionad an 1 Eanáir 2023) agus cuirtear srian lena infheidhmeacht maidir le heitleáin ar eisíodh CofA aonair dóibh den chéad uair an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin (in ionad eitleáin ar eisíodh a CofA aonair den chéad uair an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin). Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna leis na hathruithe sin a mholadh:

- moilleanna suntasacha a bhíonn ag gach monaróir aerárthaí lena mbaineann ar fud an domhain chun na heitleáin a fheistiú leis an trealamh is gá,

[1] Moladh do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi dhifríocht le caighdeán ICAO 6.18.1, os rud é nach bhfuil eitleáin ag a bhfuil MOPSC de 19 nó níos lú agus ag a bhfuil MCTOM sa raon idir 27 000 kg agus 45 500 kg, nach bhfuil siad faoi raon feidhme phointe CAT.GEN.MPA.210.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[3] CofA: deimhniú aeracmhainneachta.

- moilleanna suntasacha ar an mbonneagar cumarsáide a bhunú chun caighdeán 2.4 d'Fhoscríbhinn 9 a chomhlíonadh[4] agus chun a lánchumas oibríochtúil a bhaint amach, agus
- gan dóthain ama a bheith fágtha d'ionaid chomhordaithe tarrthála agus d'aonaid seirbhísí aerthráchta chun a nósanna imeachta a ullmhú agus a oiriúnú.

Nóta: sna modhanna inghlactha comhlíontachta do phointe CAT.GEN.MPA.210 tá coinníollacha atá níos déine maidir le stóinseacht agus cruinneas ná iad siúd a shonraítear in ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I, 6.18 agus Foscríbhinn 9. Tá sé mar aidhm ag monaróirí aerárthaí a n-eitleáin a fheistiú le trealamh a chomhlíonfaidh caighdeán ICAO 6.18.1 agus pointe CAT.GEN.MPA.210 araon, ionas gur féidir na heitleáin sin a oibriú san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain gan mhodhnú nó gan srian. Tá méadú suntasach tagtha ar an méid oibre a theastaíonn chun an trealamh sin a dhearadh agus a dheimhniú dá bhrí sin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Na príomhathruithe agus an gaol atá acu le rialacha an Aontais atá ann cheana

Le dréacht-Leasú 48 ar ICAO Iarscríbhinn 6 cuirtear siar dáta infheidhmeachta chaighdeán 6.18.1 de ICAO Iarscríbhinn 6, Cuid I dhá bhliain:

'6.18.1 *Amhail ón 1 Eanáir 2025 déanfaidh gach eitleán a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh níos mó ná 27 000 kg aige agus ar eisíodh a dheimhniú aeracmhainneachta aonair den chéad uair an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin, déanfaidh siad faisnéis a tharchur go neamhspleách ónar féidir leis an oibreoir suíomh an eitleáin a dhéanamh amach uair in aghaidh an nóiméid ar a laghad, nuair a bhíonn sé i nguais, i gcomhréir le Foscríbhinn 9.'*

### 3.2. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Tá moill shuntasach ar gach monaróir aerárthaí sa phróiseas chun caighdeán 6.18.1 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I agus pointe CAT.GEN.MPA.210 de rialacha an Aontais maidir le hoibríochtaí aeir a chomhlíonadh. Má choinnítear an dáta reatha infheidhmeachta mar atá, is dócha go mbeidh ar go leor oibreoirí aerárthaí atá bunaithe in AE díolúintí sealadacha a iarraidh i leith eitleáin a seachadadh in 2023 agus aisfheistiú iontach costasach trealaimh a dhéanamh. D'fhéadfadh sé go gcaithfí díolúintí sealadacha den sórt sin a shíneadh go dtí 2024 chun go leor ama a thabhairt le go bhféadfar na heitleáin uile lena mbaineann a aisfheistiú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé nach mbainfí amach cumas iomlán oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide agus ullmhacht iomlán na n-aonad seirbhísí aerthráchta agus na n-ionad comhordaithe tarrthála roimh 2024. Is beag giaráil atá ag oibreoirí aerárthaí atá bunaithe san Aontas dlús a chur le cur chun feidhme chaighdeán 6.18.1 de ICAO agus phointe CAT.GEN.MPA.210.

Tá tionchar teoranta ar shábháilteacht eitlíochta ag an athrú atá beartaithe ar dháta infheidhmeachta chaighdeán 6.18.1 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I, toisc nach bhfuil sa chaighdeán ICAO seo ach ceann amháin de na bearta atá déanta ag ICAO chun aimsiú aerárthaí atá i nguais a éascú. Déanfaidh an t-oibreoir an chuid is mó de na heitleáin a thagann faoi raon feidhme chaighdeán 6.18.1 a rianú freisin nuair a bheidh siad ag eitilt thar limistéir

[4] Éilítear i gCaighdeán 2.4 d'Fhoscríbhinn 9 a ghabhann le ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I go n-áireofar ar na heagraíochtaí a chaithfidh rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis a tharchuirtear, ar a laghad, aonad/aonaid seirbhísí aerthráchta agus ionaid agus fo-ionaid chomhordaithe cuardaigh agus tarrthála.

aigéanacha de réir chaighdeán 3.5.3 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I (trasuite i bpointe CAT.GEN.MPA.205 de rialacha an Aontais maidir le hoibríochtaí aeir) agus beidh siad feistithe le dhá aimsitheoir tarchuradóra éigeandála de réir chaighdeán 6.17.3 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I (trasuite i bpointe CAT.IDE.280 de rialacha an Aontais maidir le hoibríochtaí aeir).

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis an togra chun dáta infheidhmeachta chaighdeán 6.18.1 de ICAO Iarscríbhinn 6 Cuid I a chur siar.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[5].

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[6].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhairle ICAO a bunaíodh de chomhaontú, mar atá an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago').

I gcomhréir le hAirteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle ICAO na Caighdeáin idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta, mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Bíonn éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí dlíthiúla áirithe na ngníomhartha sin ag brath ar fhógra faoi dhifríochtaí a chur isteach, agus ar théarmaí na bhfógraí sin. Dá bhrí sin, is faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE a ghlactar seasamh an Aontais maidir le fógraí den sórt sin.

Is féidir leis an gníomh atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, eadhon pointe CAT.GEN.MPA.210 de Rialachán (AE) 965/2012 ón gCoimisiún.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinnidh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh a glacadh agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh a glacadh nó má

---

[5] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12,
ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[6] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12,
ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh a glacadh leis an gcomhbheartas iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

2022/0203 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 226ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le glacadh Leasú 48 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit agus is comhaltaí de chuid ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe ICAO. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát i gComhairle ICAO faoi láthair.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO Caighdeáin idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta (SARPanna) a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(4) Maidir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de thrí mhí tar éis í a thíolacadh do Stáit Chonarthacha ICAO, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle ICAO, mura rud é go gcláraíonn tromlach de Stáit Chonarthacha ICAO a mhíshástacht idir an dá linn.

(5) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát a mheasann go bhfuil sé dofheidhmithe aon chaighdeán idirnáisiúnta nó aon nós imeachta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a nósanna imeachta féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin nó i gcás ina measfaidh sé gur gá rialacháin nó nósanna imeachta a ghlacadh atá éagsúil ar dhóigh ar bith leis na cinn arna mbunú le caighdeán idirnáisiúnta, ba cheart dó fógra láithreach a thabhairt do ICAO faoi na difríochtaí idir a chleachtas féin agus an cleachtas a leagtar síos sa chaighdeán idirnáisiúnta.

(6) Tá Comhairle ICAO, ag a 226ú seisiún, chun glacadh le Leasú 48 ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(7) Is é an phríomhsprioc atá ag Leasú 48 ar Iarscríbhinn 6 Cuid I dáta infheidhmeachta chaighdeán 6.18.1 a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2025.

(8) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 226ú seisiún de chuid Chomhairle ICAO maidir le Leasú 48 ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a bhunú. Is é an seasamh sin gur cheart tacaíocht a thabhairt don leasú sin, agus is seasamh é atá le cur in iúl ag na Ballstáit den Aontas ar comhaltaí iad de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 226ú seisiún de Chomhairle ICAO, nó in aon seisiún ina dhiaidh sin, tacaíocht a thabhairt do Leasú 48 ar Iarscríbhinn 6 Cuid I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ina n-iomláine.

*Airteagal 2*

Is iad na Ballstáit de chuid an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*